An Roinn Oideachais
Department of Education

6 March 2024

**Leabhair Scoile so Scoláirí na Sraithe Sóisearaí in Iar-Bhunscoileanna 2024-25**

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Is cúis áthais dom a chur in iúl duit go bhfuil faomhadh tugtha ag an Rialtas do scéim leabhar scoile do gach scoláire i mblianta na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna sa Scéim Saoroideachais in Éirinn ó Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh.

Tá maoiniú á sholáthar ón Roinn Oideachais do gach scoil ionas gur féidir é seo a dhéanamh.

- Cuirfear leabhair scoile agus acmhainní lárnacha ranga ar fáil do gach leanbh agus duine óg atá cláraithe i mblianta na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta sa Scéim Saoroideachais.
- Ciallaíonn sé seo go gcuirfear deireadh le costas leabhair scoile agus acmhainní lárnacha ranga dá dteaghlach agus maolóidh sé an t-ualach airgeadais ar theaghlaigh ag am filleadh ar scoil.

Tríd an mbeart seo, táimid ag cur le cothromas rochtana, áit ar féidir le gach leanbh agus duine óg atá cláraithe i mblianta na Sraithe Sóisearaí in iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta sa Scéim Saoroideachais tús a chur leis an scoilbhliain nua in 2024/25 leis na leabhair scoile agus acmhainní ranga céanna atá ag leanaí agus daoine óga eile ina rang.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur moladh do scoileanna gach leabhar scoile agus acmhainní lárnacha ranga a sholáthar as an maoiniú a chuirtear ar fáil. Áirítear leis seo cóipleabhair, leabhair nótaí le clúdach crua, dialanna scoile, fillteáin phlaisteacha, foirmlí matamaitice agus táblaí/logleabhair, áireamháin. D'fhéadfadh úrscéalta agus drámaí, cóipleabhair saotharlainne d'ábhair eolaíochta, cóipleabhair ceoil nó mórleabhair chuntasaíochta a bheith i gceist freisin.

Tá bileog eolais foilsithe ag mo Roinn do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar an gcaoi a fheidhmeoidh an scéim nua. Tá treoir na scéime agus bileog tuismitheoirí foilsithe ag www.gov.ie/scéimeannaleabharscoile

Má tá aon cheist agat maidir leis an scéim nua seo seol ríomhphost le do thoil chuig: jcschoolbooks@education.gov.ie



Norma Foley TD
Minister for Education

**Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96**
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T: 01 - 889 6400 | minister@education.gov.ie
www.gov.ie/education

…..